



An Bhruiséil, 13 Nollaig 2021
(OR. en)

14969/21

COH 78
FIN 975
SOC 734
CADREFIN 469

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	13 Nollaig 2021
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	14608/21
Ábhar:	Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: <i>Performance-based financing in Cohesion policy: worthy ambitions but obstacles remained in the 2014-2020 period</i> [Maoiniú feidhmíocht bhunaithe sa bheartas comhtháthaithe: uailmhianta fiúntacha ach constaicí fós gan réiteach sa tréimhse 2014-2020] - Conclúidí ón gComhairle (an 13 Nollaig 2021)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 24/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Performance-based financing in Cohesion policy: worthy ambitions but obstacles remained in the 2014-2020 period* [Maoiniú feidhmíocht bhunaithe sa bheartas comhtháthaithe: uailmhianta fiúntacha ach constaicí fós gan réiteach sa tréimhse 2014-2020] a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) ag an 3839ú cruinniú a bhí aici an 13 Nollaig 2021.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2021

ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Performance-based financing in Cohesion policy: worthy ambitions but obstacles remained in the 2014-2020 period* [Maoiniú feidhmíocht bhunaithe sa bheartas comhtháthaithe: uaillmhianta fiúntacha ach constaicí fós gan réiteach sa tréimhse 2014-2020]

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

- (1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear ‘an Chúirt’ feasta) agus na freagraí ón gCoimisiún ar an Tuarascáil;
- (2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh measúnú in iniúchadh na Cúirte ar dhearadh, úsáid agus tionchar trí ghné ar aidhm dóibh díriú feidhmíochta an bheartais comhtháthaithe sa tréimhse 2014-2020 a atreisiú: coinníollachtaí *ex ante*, an cúlchiste agus athbhreithniú feidhmíochta, agus na samhlacha cistiúcháin feidhmíocht bhunaithe (Pleananna Gníomhaíochta Comhpháirteacha, Maoiniú nach bhfuil nasctha le costais agus trí chineál Roghanna Costais Simplithe);
- (3) MEABHRAÍTEAR DI gurb iad Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa na chéad ionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais lenar tugadh isteach creat feidhmíochta bunaithe ar tháscairí intomhaiste;
- (4) CUIREANN SÍ I bhFÍOS GO LÁIDIR nach mór díriú feidhmíochta an bheartais comhtháthaithe a chaomhnú agus a fhorbairt a thuilleadh mar chéim thábhachtach i dtreo chultúr na feidhmíochta i gcur chun feidhme an bheartais agus IS É A TUAIRIM go bhféadfaí an fheidhmíocht a dhreasú trí bhíthin na dtrí ghné a scrúdaíodh;
- (5) ADMHAÍONN SÍ gur cumhdaíodh san obair iniúchóireachta an tréimhse anuas go mí na Nollag 2020 agus nár tugadh aghaidh inti ar na hath-leithdháiltí buiséid a rinneadh in 2020 mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go n-aithnítear sa Tuarascáil freisin na rioscaí agus na deiseanna don tréimhse 2021-2027;

- (6) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:
- Níor tugadh aghaidh ar choinníollachtaí *ex ante* in am trátha i ngach cás agus ní raibh an measúnú a rinne an Coimisiún orthu comhsheasmhach i gcónaí mar gheall ar chritéir leathana a d'fhág go bhféadfaí iad a thuiscint ar bhealaí éagsúla. Ceapadh iad mar chleachtadh aonuaire agus ní dhearnadh measúnú iomlán ar a dtionchar ar éifeachtacht fhadtéarmach an chaiteachais;
 - Maidir le leithdháileadh an chúlchiste feidhmíochta, ó tharla gur athraíodh i lár na tréimhse clársceidealaithe an reachtaíocht a sholáthraíonn na dálaí agus na critéir chun an t-athbhreithniú feidhmíochta a dhéanamh, bhí solúbthacht bhreise ann do na Ballstáit;
 - Maidir leis na samhlacha feidhmíochtbhunaithe, ba iad Roghanna Costais Simplithe an t-aon samhail cistiúcháin feidhmíochtbhunaithe a úsáideadh go forleathan sa tréimhse 2014-2020; Chuir éiginnteacht na mBallstát maidir le conas Pleananna Gníomhaíochta Comhpháirteacha agus Maoiniú nach bhfuil nasctha le costais a chur chun feidhme agus an easpa soiléireachta maidir lena gceanglais rialaithe agus iniúchóireachta bac ar a n-úsáid;
- (7) TACAÍONN SÍ leis na moltaí a thug an Chúirt:
- An leas is fearr is féidir a bhaint as coinníollacha cumasúcháin sa tréimhse 2021-2027;
 - An bealach a ullmhú go luath ar mhaithe le hathbhreithniú meántéarmach éifeachtach don tréimhse 2021-2027;
 - Na rialacha atá mar bhonn don tsamhail cistiúcháin 'maoiniú nach bhfuil nasctha le costais' a shoiléiriú;
 - An cur chuige maidir le cinnteacht a sholáthar i ndáil le cistiú ón Aontas tríd an tsamhail 'maoiniú nach bhfuil nasctha le costais' a shoiléiriú;
- (8) TAGANN SÍ ar an mórgóir le freagraí an Choimisiúin ar na torthaí agus na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe:
- I réimse na gcoinníollachtaí *ex ante*, tugadh aghaidh ar na heasnaimh a tháinig chun cinn sa tréimhse 2014-2020 agus na coinníollacha cumasúcháin á ndearadh don tréimhse 2021-2027, go príomha trí aistriú ó chleachtadh aonuaire chuig comhlíonadh agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar na dálaí cumasúcháin;

- Maidir leis an gcreat feidhmíochta agus an cúlchiste feidhmíochta, bhí bonn cirt leis na modhnuithe a rinneadh ar na coinníollacha agus critéir ab infheidhme maidir leis an athbhreithniú feidhmíochta mar gur ghá aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí áirithe sna rialacha reatha a d'fhág nárbh fhéidir tuairisciú cruinn a dhéanamh ar ar baineadh amach;
- Maidir le húsáid na samhlacha cistiúcháin feidhmíocht bhunaithe, bhí tionchar ag a dtabhairt isteach déanach sa tréimhse clársceidealaithe agus a bpróifíl úrnua ar an nglacadh teoranta a bhí leo;
- Is ionann an t-athbhreithniú meántearma in 2025 arna thabhairt isteach don tréimhse 2021-2027 agus céim chun tosaigh i dtreo cultúr feidhmíochta, lena dtugtar le chéile sraith gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla;

(9) MEASANN SÍ gur rannchuidiú tráthúil fiúntach le cur chun feidhme éifeachtach an bheartais comhtháthaithe don tréimhse 2021-2027 í an Tuarascáil;

(10) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Faireachán rialta a dhéanamh ar chomhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha cumasúcháin agus tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh na mBallstát agus ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe an Choimisiúin féin, i gcás inarb ábhartha;
- Na Ballstáit a chur ar an eolas go luath faoin gcur chuige atá le cur i bhfeidhm don athbhreithniú meántearma in 2025;
- Soiléiriú a thabhairt do na Ballstáit cé mar is ceart do na húdaráis bhainistíochta agus iniúchóireachta caitheamh leis an soláthar poiblí agus an státhabhair tráth a bhíonn Maoiniú nach bhfuil nasctha le costais agus samhlacha Roghanna Costais Simplithe á n-úsáid sa tréimhse 2021-2027;
- Tráth a bhíonn Maoiniú nach bhfuil nasctha le costais á úsáid i gcomhthéacs fhormheas nó leasú na gclár, soiléiriú a thabhairt do na Ballstáit maidir lena iomchuí atá na méideanna a bhaineann le comhlíonadh na gcoinníollacha faoi seach nó gnóthú na dtorthaí a áirithiú;
- Dea-chleachtas na samhlacha cistiúcháin feidhmíocht bhunaithe a roinnt, lena n-áirítear idir cistí, chun na Ballstáit a spreagadh maidir lena gcur chun feidhme.